

Ag tabhairt aire d'acmhainní  
uisce na hÉireann.



# 2025

Tuarascáil  
Bhliantúil

Is guth láidir neamhspleách  
muid ar bheartas náisiúnta  
a bhaineann le bainistíocht  
uisce, caomhnú uisce agus  
cosaint don todhchaí



# Clár na nÁbhar

Réamhrá an Chathaoirligh	4
Fúinn	5
Ballraíocht an Fhórait Uisce	6
Coiste Iomlánach an Fhórait Uisce	8
Buanchoistí an Fhórait Uisce	10
Comhairle Beartais agus Aighneachtaí	13
Tionchar ar Thorthaí Beartais	15
Buaicphointí Taighde	16
Buaicphointí Cumarsáide	18
Buaicphointí Oideachais	20
Turais Allamuigh agus Imeachtaí	21
Rochtain ar Fhaisnéis do Bhaill den Oireachtas	23
Rúnaíocht an Fhórait	23
Rialachas agus Maoirseacht	24
Airgeadas agus riarachán	25
Nótaí Buíochais	26

# Réamhrá an Chathaoirligh

Tá Éire anois ag pointe rithábhachtach ina haistear beartais uisce. Agus cur i bhfeidhm an 3ú Plean Bainistíochta Abhantraí ag dul ar aghaidh, tá an fócas ag aistriú ón bpleanáil go measúnú ar chur i bhfeidhm a Chláir Beart. Tá an tréimhse machnaimh seo riachtanach chun a thuiscint cad atá ag obair, cá háit a bhfuil dúshláin cur chun feidhme fós ann, agus an bhfuil feabhsuithe ar cháilíocht an uisce mar thoradh ar na gníomhartha sin. Sa chomhthéacs sin, tá ról an Fhórait Uisce mar an comhlacht reachtúil páirtithe leasmhara, thar a bheith tábhachtach. Is ceann de láidreachtaí móra an Fhórait é fairsinge an tsaineolais a chuireann ár mbaill ar fáil. Trí na dearcthaí sin a thabhairt le chéile, oibríonn an Fóram chun comhthoil a chothú agus chun comhairle chothrom a chur ar fáil ar shaincheisteanna beartais uisce.

Bhí príomhfócas obair an Fhórait in 2025 ar thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an 3ú Plean Bainistíochta Abhantraí, go háirithe trí rannpháirtíocht sna Pleananna Oibre Gníomhaíochta Earnála don talmhaíocht, don fuíolluisce, don fhoraoiseacht agus don hidreamoirfeolaíocht, agus trí threorú na bpleananna oibre do bharcheantair nua agus na bhfóram pobail do bharcheantair. A bhfuil leis na pleananna sin agus leis na fórait phobail nua, cabhraítear le beartas náisiúnta a aistriú go bearta praiticiúla i gcleachtas, agus rinne an Fóram rannpháirtíocht le Ranna, le gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara chun ionchur a chur ar fáil ina bhforbairt.

Réimse tábhachtach oibre eile in 2025 ba ea an rannpháirtíocht i bhforbairt an 6ú Clár Gníomhaíochta um Níotráití (CGN) 2026–2029 de chuid na hÉireann. Is í an talmhaíocht an brú is suntasaí fós ar cháilíocht uisce in Éirinn, agus tá an CGN deartha chun cailteanais cothaitheach isteach in aibhneacha, i lochanna agus i screamhuisce a laghdú. In aighneacht an Fhórait leagadh béim ar an ngá le naisc níos soiléire idir bearta agus torthaí ar cháilíocht uisce, gníomhartha níos láidre dírithe ar dhobharcheantair, agus tacaíochtaí comhairleacha feabhsaithe d'fheirmeoirí. Tá áthas orm go bhfuil roinnt de na moltaí sin le feiceáil sa Chlár Deiridh.

## Tá roinnt de moltaí an Fhórait le feiceáil i gclár deiridh an CGN.

Chuir an Fóram béim ar an bhfíric go mbraitheann baint amach chuspóirí an 3ú Plean Bainistíochta Abhantraí ar dhíriú gan staonadh ar chur chun feidhme. Is ábhar misnigh é go bhfuil an teachtaireacht sin aitheanta i bhforbairt an 4ú Plean Gníomhaíochta Uisce na hÉireann, áit a bhfuil tosaíocht á tabhairt do chur i bhfeidhm na mbeart mar phríomhchuspóir. Leanfaidh an Fóram de thuilleadh comhairle a chur ar fáil de réir mar a fhorbraíonn an chéad chéim eile de phleanáil bainistíochta abhantraí.

In éineacht lena obair beartais, lean an Fóram de bhonn fianaise a neartú trí thaighde coimisiúnaithe. Mar chuid de staidéir a rinneadh i rith na bliana, rinneadh scrúdú ar luach na mbeart caomhnaithe uisce, ar fheasacht an phobail ar dhobharlaigh áitiúla agus ar eispéiris úsáideoirí poiblí uisce. A bhfuil leis na léargais sin, cabhraítear le pléití beartais a threorú agus le tuiscint níos fearr a chothú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag beartas uisce ar phobail agus ar chustaiméirí.

In 2025, neartaigh an Fóram a struchtúir rialachais agus rannpháirtíochta freisin trí chomhaontuithe foirmiúla, cóid iompair nuashonraithe agus rannpháirtíocht struchtúrtha rialta le hoifigigh Roinne, chun tacú le maoirseacht, le tuairisciú agus le comhordú leanúnach ar chúrsaí beartais uisce.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Fhórait as a dtiomantas agus a gcuid oibre crua i rith na bliana, agus leis an bhfoireann Rúnaíochta as a dtacaíocht fhíorluachmhar.

### An Dr Matt Crowe

Cathaoirleach, An Fóram Uisce  
– The Water Forum

# Fúinn



## Forléargas ar an bhFóram Uisce

Is comhlacht reachtúil páirtithe leasmhara don uisce é An Fóram Uisce (The Water Forum), a bunaíodh faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2017 chun comhairle neamhspleách a chur ar fáil ar bheartas agus ar rialachas náisiúnta uisce. Comhlíonann an Fóram a ról reachtúil trí thaighde, trí rannpháirtíocht struchtúrtha le páirtithe leasmhara agus trí chomhairle fhoirmiúil faoi bheartas a chur ar fáil.

**Bunaithe:** 2018

**Ballraíocht:** 27 ball a chlúdaíonn 16 earnáil

**Feidhm:** Comhairle neamhspleách agus moltaí maidir le beartas agus rialachas uisce

**Cé dó a thugaimid comhairle:** An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht; an Coiste Comhairleach um Beartas Uisce; Uisce Éireann agus an Coimisiún um Rialáil Fónais

**Réimsí fócais:** Cáilíocht uisce, seirbhísí uisce, uisce tuaithe, caomhnú uisce, agus planáil agus cur chun feidhme bainistíochta abhantraí



Tá obair an Fhórait Uisce treoraithe ag a Phlean Straitéiseach don tréimhse 2022–2027. Ag tógáil ar bhunús a chéad Phlean Straitéisigh, leanann an Fóram de rannchuidiú páirtithe leasmhara le cinnteoireacht ar uisce mar shócmhainn náisiúnta bhunúsach a neartú.

Tá tuilleadh sonraí faoi thosaíochtaí an Fhórait leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2022–2027, atá ar fáil [anseo](#).

# Ballraíocht an Fhóraitm Uisce

Léiríonn baill an Fhóraitm na héilimh shoचाíocha idir cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil i mbainistíocht uisce. Ceann de na róil thábhachtacha atá ag an bhFóram Uisce ná comhthoil a aimsiú agus a chothú idir na príomhreasanna sin d'fhonn teacht ar chomhthuisct i ndáil le moltaí beartais agus le comhairle an aire.

**27 Ball**  
ceaptha ar  
an bhFóram

**16 Earnáil**  
lena ndéantar  
ionadaíocht ar leasanna  
sóisialta, comhshaoil agus  
eacnamaíocha i leith uisce

Dearcthaí éagsúla  
a thabhairt le chéile chun  
**teacht ar  
chomhthuisct**

Gheofar liosta iomlán de bhaill an Fhóraitm agus de na heagraíochtaí ionadaíocha i dTábla A san Aguisín.



Baill foirne den Fhóram Uisce (ón gcúl go dtí an tosaigh, ó chlé go deas):

**An líne uachtarach:** Eamonn Carroll, Neil Walker, Mark Farrelly, Steve Conlon

**An dara líne:** Brendan O'Brien, Matt Crowe, Dominic Cronin, Donal Purcell

**An tríú líne:** Eimear Manning, Micheal Kenny, Maria Snell

**An dara líne:** Charles Stanley Smith, Maria O'Gorman, Jean Rosney, Suzanne Linnane, Divya Flynn

**An líne tosaigh:** Ciarán Maguire, Marie Doyle, Connie Rochford, Triona McGrath

As láthair ón ngrianghraf tá Constanze O'Toole, Martin McEnroe, Sinéad O'Brien, Tadhg Buckley, Elaine Mc Goff, Fintan Kelly, Karin Dubsy, Keith Hyland David Wright

## Earnálacha Páirtithe Leasmhara an Fhóraitm Uisce

Earnálacha páirtithe leasmhara a ndéantar ionadaíocht dóibh ar an bhFóram Uisce



 <p>Talmhaíocht</p>	 <p>Comhshaol</p>	 <p>Turasóireacht</p>	 <p>Earnáil Fóillíochta</p>
 <p>An Earnáil Pobail &amp; Dheonach</p>	 <p>Úsáideoirí Uisce Phoiblí</p>	 <p>Ceardchumainn</p>	 <p>Foraoiseacht</p>
 <p>Gnó</p>	 <p>Iontaobhais Aibhneacha</p>	 <p>Mic Léinn Tríú Leibhéal / Óige</p>	 <p>Earnáil na nIascach</p>
 <p>Slatiascaireacht</p>	 <p>Uisce Tuaithe</p>	 <p>Tithíocht Shóisialta</p>	 <p>Oideachas</p>

# Coiste Iomlánach an Fhóraitm Uisce

Tá ról lárnach ag an gCoiste Iomlánach i dtacú leis an bhFóram a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Trí phlé struchtúrtha, cuireann an Coiste Iomlánach ionchur straitéiseach, treoir agus príomhchinntí ar fáil chun tacú le hobair bheartais agus le taighde an Fhóraitm, agus cuireann sé tacaíocht ar fáil chun tacú le saincheistanna atá ag teacht chun cinn i réimse an uisce agus an fhuíolluisce, bearnaí eolais agus riachtanais bheartais amach anseo a shainaithint, chun taighde agus comhairle a threorú.

## Gníomhaíocht an Choiste Iomlánaigh in 2025

In 2025, tháinig an Coiste Iomlánach le chéile ocht n-uaire chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar obair an Fhóraitm Uisce maidir lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Le linn na bliana, rinne an Coiste Iomlánach:

13 pháipéar comhairle beartais agus aighneacht a fhaomhadh

3 aschur taighde choimisiúnaithe a threorú

Tá sonraí faoi aighneachtaí comhairliúcháin phoiblí, comhairle bheartais agus aschuir taighde an Fhóraitm leagtha amach sna hailt seo a leanas.

## Cuir i láthair a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iomlánaigh in 2025

Dáta	Ábhar	Cur i láthair déanta ag:
Eanáir 2025	Cur i láthair ar thaighde choimisiúnaithe <i>The Value of Water Conservation: A Cost Benefit Analysis of setting water use targets at building scale</i>	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (An Dr John Gallagher agus an tOllamh Laurence Gill)
Márta 2025	Cur i láthair ar an bPlean Gníomhaíochta Earnála don Fhoraoiseacht	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) (Kevin Collins, RTBM – An tSeirbhís Foraoiseachta)
Aibreán 2025	Seisiún Faisnéise ar an gComhairliúchán Poiblí ar Dhobharlaigh An-Mhodhnaithe	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Wayne Trodd, Comhairleoir Beartais Uisce)

Dáta	Ábhar	Cur i láthair déanta ag:
Iúil 2025	Cur i láthair ar Shuirbhé Náisiúnta an Fhórait Uisce ar Eolas agus Tuiscint ar Cháilíocht Uisce in Éirinn	CORE Research
Nollaig 2025	Cur i láthair ar na rialacháin atá beartaithe maidir le clárú sceite fuíolluisce ar mhionscála	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Donal Grant, Príomhoifigeach, Beartas Uisce)

Tá sonraí faoi chruinnithe an Choiste Iomlánaigh a tionóladh in 2025, mar aon le tinreamh na mball, leagtha amach i dTábla B agus i dTábla C san Aguisín.

### Táillí

Ba é €11,609.19 an Táille Bhliantúil a bhí iníoctha le Cathaoirleach an Fhórait in 2025. Níor íocadh táillí le haon Bhall eile toisc gur ar bhonn deonach a dhéantar a gcuid oibre leis an bhFóram.

Íoctar na costais taistil agus chothabhála a thabhaíonn na baill ag rátaí caighdeánacha na státseirbhíse. Gheofar na rátaí a bhí infheidhme in 2025 anseo: [www.revenue.ie/ga/employing-people/employee-expenses/travel-and-subsistence/civil-service-rates.aspx](http://www.revenue.ie/ga/employing-people/employee-expenses/travel-and-subsistence/civil-service-rates.aspx)

### Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

D'fhorbair an Fóram ráiteas ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú in 2021, chun a chuid oibre a threorú. Cuirtear san áireamh prionsabail an chomhionannais inscne agus na héagsúlachta agus ainmniúcháin do bhallraíocht an Fhórait á lorg. In 2025, ba mhná iad 44% de bhaill an Choiste Iomlánaigh; 30% den Bhuanchoiste um Sheirbhísí Uisce agus 56% den Bhuanchoiste um Bainistíocht Dobharcheantair.



# Buanchoistí an Fhóraitm Uisce

## Buanchoiste um Bainistíocht Dobharcheantair

Éascaíonn an Buanchoiste um Bainistíocht Dobharcheantair (BCBD) rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar shaincheisteanna bainistíochta dobharcheantair ar leibhéal an bheartais náisiúnta. Tacaíonn a chuid oibre le cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Dobharcheantair chun cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach. A bhúí le rannpháirtíocht le comhlachtaí poiblí, le hearnálacha agus le páirtithe leasmhara, cabhraíonn an Coiste lena chinntiú go gcuireann an Fóram Uisce comhairle eolasach, bunaithe ar fhianaise ar fáil maidir le bainistíocht dobharcheantair agus beartas uisce.

Sonraítear i dTábla D san Aguisín baill uile an Bhuanchoiste do 2025.

## Príomhthorthaí a nDearnadh Tionchar Orthu in 2025

Tháinig an BCBD le chéile cúig huair in 2025, rud a chuir chun cinn rannpháirtíocht beartais náisiúnta maidir le Pleananna Oibre Gníomhaíochta Earnála (POGEnna), Fóraitm Pobail Dobharcheantair (FPDanna), Hidreamoirfeolaíocht, agus an 6ú Plean Gníomhaíochta um Níotráití (PGN).



Réimse Tionchair	Rannchuidiú agus Torthaí an BCBD (2025)
Cuntasacht Earnála a Nearthú	Ghlac sé páirt i ndrúacht-Phleananna Oibre Gníomhaíochta Earnála (POGEnna) don Talmhaíocht, don Fhoraoiseacht agus don Hidreamoirfeolaíocht. Chuir sé aiseolas mionsonraithe faoi bhráid an RTBM maidir le POGEnna don Talmhaíocht, aiseolas ina ndíríodh ar bhearnaí cur chun feidhme, agus rinne sé moltaí maidir le cuspóirí níos soiléire agus gníomhartha intomhaiste laistigh de POGEnna don Hidreamoirfeolaíocht).
Rialachas ar Leibhéal Dobharcheantair a Chur Chun Cinn	D'oibrigh sé le CUÚÁ i gcur i bhfeidhm na bhFóram Pobail Dobharcheantair píolótacha (FPDanna). Rinne sé athbhreithniú ar dhul chun cinn agus ar rannpháirtíocht ar fud cúig FPD píolótacha, agus thug sé freagra foirmiúil do CUÚÁ ar an Dréachtphlean Cur Chun Feidhme, freagra inar leagadh béim ar fheabhsuithe i réimse an rialachais agus na meastóireachta.
Tionchar a Imirt ar Bheartas Talmhaíochta agus Cáilíochta Uisce	D'oibrigh sé leis an RTBM agus leis an RTRÁO ar fhorbairt an 6ú Plean Gníomhaíochta um Níotráití (2026–2029). Ghlac sé páirt i seisiún faisnéise comhpháirteach leis an RTBM/an RTRÁO agus thug sé freagra foirmiúil an Fhórait ar an gComhairliúchán Poiblí.
Múnú an 4ú Plean Gníomhaíochta Uisce	D'fhorbair sé fíis an Fhórait maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa 4ú Timthriall agus tháinig sé ar chomhaontú maidir le teachtaireachtaí straitéiseacha chun cur i láthair réamhchomhairliúcháin an Chathaoirligh ar Shaincheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce (SSBU) a threorú.

## Buanchoiste um Sheirbhísí Uisce

Éascaíonn an Buanchoiste um Sheirbhísí Uisce (BCSU) rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar gach saincheist a bhaineann le seirbhísí uisce (lena n-áirítear uisce óil agus fuíolluisce) ag leibhéal náisiúnta. Tacaíonn a chuid oibre le feabhsuithe ar sheirbhísí uisce, lena n-áirítear caomhnú uisce, beartas uisce tuaithe agus cosaint leasanna custaiméirí. Trí rannpháirtíocht le comhlachtaí poiblí, le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara – lena n-áirítear Uisce Éireann agus an Coimisiún um Rialáil Fónais – agus trí leas a bhaint as taighde, ionchur saineolaithe agus idirphlé na mball, cuidíonn an Coiste lena chinntiú go gcuireann an Fóram Uisce comhairle eolasach, bunaithe ar fhianaise ar fáil maidir le beartas seirbhísí uisce agus úsáid inbhuanaithe acmhainní uisce.

Sonraítear i dTábla E san Aguisín baill uile an Bhuanchoiste do 2025.

### Príomhthorthaí a nDearnadh Tionchar Orthu in 2025

Tháinig an Buanchoiste um Sheirbhísí Uisce (BCSU) le chéile cúig huaire in 2025, rud a chuir chun cinn rannpháirtíocht beartais náisiúnta maidir le pleanáil straitéiseach soláthair uisce, infheistíocht i bhfuíolluisce uirbeach, rialáil eacnamaíoch (taraifí agus Rialú Ioncaim 4), agus forbairt sheasamh an Fhórait ar leasanna chustaiméirí Uisce Éireann.

Réimse Tionchair	Rannchuidiú agus Torthaí an BCSU (2025)
Tionscadal Soláthair Uisce an Oirthir agus Lár na Tíre	D’oibrigh sé le hUisce Éireann le linn an chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil. D’fhreastail baill den Bhuanchoiste ar sheisiún faisnéise, agus forbraíodh aighneacht an Fhórait maidir leis an gcéim seo den Tionscadal agus thángthas ar chomhaontú i dtaca léi.
Plean Oibre Gníomhaíochta Earnála (POGE) don Fhuíolluisce Uirbeach	D’oibrigh sé le hUisce Éireann, leis an RTRÁO, le CUÚÁ agus leis an GCC ar an POGE don Fhuíolluisce Uirbeach. Ghlac baill den Bhuanchoiste páirt i seisiún faisnéise agus ina dhiaidh sin cuireadh moltaí foirmiúla faoi bhráid Uisce Éireann agus an RTRÁO.
Rialú Ioncaim 4 (2025–2029)	Fuair sé treoir eolais ón CRF ar an Dréachtchinneadh maidir le Rialú Ioncaim 4 (2025–2029). D’fhorbair sé aighneacht, le tacaíocht ó chomhairle theicniúil neamhspleách, inar tugadh aghaidh ar acmhainn institiúideach, ar an nasc idir aschuir agus torthaí, agus ar fheidhmíocht íseal roimhe seo.
Taraifí Uisce agus Fuíolluisce Neamhthí	Fuair sé treoir eolais mhionsonraithe ón CRF ar an gCinneadh Beartaithe maidir le Creat Taraifí Neamhthí Uisce Éireann.
Leasanna Tomhaltóirí Uisce Poiblí	Rinne sé athbhreithniú ar thorthaí Shuirbhé Náisiúnta 2025 ar Úsáideoirí Uisce Poiblí agus shainithin sé príomhthéamaí – cumarsáid, inrochtaineacht, seirbhís do chustaiméirí, trédhearcacht agus muinín an phobail – chun seasamh beartais an Fhórait amach anseo ar leasanna tomhaltóirí uisce poiblí a threorú.



# Comhairle Beartais agus Aighneachtaí

13 pháipéar  
comhairle beartais  
agus aighneacht

5 údarás náisiúnta  
ar oibríodh leo

13 shaincheist beartais  
uisce ar tugadh  
aghaidh orthu

In 2025, d'fhreastail an Cathaoirleach agus an Rúnaíocht ar 4 chruinniú den Choiste Comhairleach um Beartas Uisce agus chuir siad comhairle ar fáil.

## Aighneachtaí Comhairliúcháin

I gcomhlíonadh a fheidhme comhairlí reachtúla faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, cuireann an Fóram freagraí foirmiúla ar chomhairliúcháin phoiblí agus comhairle spriocdhírthe beartais ar fáil d'údarás náisiúnta maidir le cúrsaí a bhaineann le bainistíocht uisce, le seirbhísí uisce agus le cáilíocht uisce.

In 2025, d'fhorbair an Fóram na seasaimh seo a leanas trí chomhairliúcháin phoiblí.

Dáta	Údarás Ceannais	Seasamh Beartais
Márta 2025	An RTRÁO	Ráiteas Straitéise 2025–2027
Aib. 2025	An CRF	An Creat Taraifí Neamhthí
Bealt. 2025	An RTRÁO	Dobharlaigh An-Mhodhnaithe
Iúil 2025	An RTRÁO	Plean Oiriúnaithe don Aeráid (Uisce)
Samh. 2025	An RTRÁO / an RTBM	6ú Plean Gníomhaíochta um Níotráití

### Comhairle Beartais agus Páipéir Sheasaimh

In 2025, chuir an Fóram comhairle beartais, páipéir sheasaimh agus ionchur straitéiseach ar fáil d'údaráis náisiúnta thar raon na bpríomhréimsí seo a leanas:

Dáta	Údarás Ceannais	Réimse Beartais
Ean. 2025	An RTRÁO	Tacaíochtaí do Thoibreacha Príobháideacha
Feabh. 2025	Uisce Éireann	Tionscadal Soláthair Uisce – An tOirthear agus Lár na Tíre
Márta 2025	An RTBM	Plean Gníomhaíochta Oibre Earnála don Talmhaíocht
Márta 2025	An RTRÁO	Plean Gníomhaíochta Oibre Earnála don Hidreamoirfeolaíocht
Márta 2025	Uisce Éireann	Plean Gníomhaíochta Oibre Earnála don Fhuíolluisce Uirbeach
Márta 2025	An RTBM	Plean Gníomhaíochta Oibre Earnála don Fhoraoiseacht
Iúil 2025	An CUÚÁ	Plean Cur Chun Feidhme d'Fhóraim Pobail Dobharcheantair – Treoirphlean
M.F. 2025	James Browne T.D. agus Christopher O'Sullivan T.D.	Bainistiú Speiceas Coimhthíoch Ionrach (SCI) in Éirinn
Samh. 2025	An RTRÁO	Saincheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce (réamhchomhairliúchán)



# Tionchar ar Thorthaí Beartais

## Plean Gníomhaíochta um Níotráití (2026–2029)

Tá ról ríthábhachtach ag an talmhaíocht i ngeilleagar agus i bpobail thuaithe na hÉireann, ach is í freisin an príomhbhrú ar cháilíocht uisce. I mí na Samhna 2025, chuir an Fóram leis an gcomhairliúchán poiblí ar an 6ú Plean Gníomhaíochta um Níotráití (PGN) na hÉireann, an clár náisiúnta lena leagtar síos na rialacha agus na bearta chun cailteanais cothaitheach ón talmhaíocht a laghdú chun aibhneacha, lochanna agus screamhuisce a chosaint.

Ina aighneacht, d'iarr an Fóram go ndíreofaí níos mó ar thorthaí, lena chinntiú go bhfeiceann feirmeoirí agus comhairleoirí go soiléir conas a chuireann gníomhartha sonracha atá leagtha amach sa PGN le feabhsuithe intomhaiste ar cháilíocht uisce. Leag sé béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le bearta a dhíriú ar na

háiteanna ina bhfuil an gá is mó leo, trí chur chuige níos dírithe ar dhobharcheantair ina dtugtar aghaidh ar bhrúnna níotráití i limistéir ar leith. Tharraing an Fóram aird chomh maith ar an ngá le níos mó trédhearcachta maidir leis an samháltú a úsáidtear chun éifeachtacht bhearta PGN a mheas, agus ar thacaíocht níos láidre d'fheirmeoirí trí sheirbhísí comhairleacha, oiliúint agus aistriú eolais chun cabhrú le bainistíocht cothaitheach ar fheirmeacha a fheabhsú.

Sonraítear na téamaí sin sa Chlár deiridh, clár ina gcuirtear tuilleadh béime ar ghníomhartha dírithe ar dhobharcheantair, ar thacaíochtaí comhairleacha feabhsaithe agus ar thionscnaimh aistrithe eolais neartaithe chun cabhrú le feirmeoirí cailteanais cothaitheach a laghdú agus feirmeacha táirgiúla á gcothabháil.

Moltaí an Fhórait Uisce	Toradh sa 6ú PGN deiridh
Bearta an PGN a chur i láthair in éineacht leis na torthaí ar cháilíocht uisce a bhfuiltear ag súil leo do gach beart.	Áirítear i dTábla 7 sa 6ú PGN faisnéis faoin PGN agus torthaí sonracha ar cháilíocht uisce.
Ba cheart don RTBM feachtas cumarsáide a stiúradh chun faisnéis áitiúil a chur ar fáil d'fheirmeoirí faoi cháilíocht an uisce ina ndobharcheantar.	Cuirfidh an RTBM tionscnamh "Bíodh Eolas agat ar Cháilíocht Uisce i do Cheantar Áitiúil" i bhfeidhm, tionscnamh lena gcuirfeadh faisnéis shoiléir ar fáil d'fheirmeoirí faoi cháilíocht uisce ina gceantar áitiúil agus faoi chéimeanna praiticiúla is féidir leo a ghlacadh chun rioscaí don uisce a íoslaghdú.
Tionscnamh oiliúna a fhorbairt do gach comhairleoir feirme, lena n-áirítear comhairleoirí príobháideacha, atá dírithe ar cháilíocht uisce agus ar bhainistíocht dobharcheantair.	Oibreoidh an RTBM leis an tionscal agrairbhia chun oiliúint ar cháilíocht uisce a chur ar fáil do chomhairleoirí gairmiúla nach bhfuil creidiúnaithe ag FAS, agus déanfaidh sé teagmháil le hinstiúidí talmhaíochta tríú leibhéal chun eolas ar dhea-chleachtas a neartú i measc feirmeoirí agus comhairleoirí amach anseo.

Leanfaidh an Fóram de bheith ag obair leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara earnála de réir mar a chuirtear an PGN i bhfeidhm, agus de dhul chun cinn a dhéanamh ar a chuid oibre ar

an gcaidreamh idir an talmhaíocht agus cáilíocht an uisce chun tacú le baint amach chuspóirí na Creat-Treorach Uisce in Éirinn.

# Buaicphointí Taighde

## Luach an Chaomhnaithe Uisce: Anailís Costais is Tairbhe

An Fóram Uisce a choimisiúnaigh an taighde seo, taighde a thug Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, faoi, agus déantar measúnú sa taighde ar chostais agus ar thairbhí na mbeart coigilte uisce baile in Éirinn. Léirítear sa taighde gur féidir úsáid teaghlaigh a laghdú ó 110 go 90 lítear an duine in aghaidh an lae trí bhearta amhail sconnaí, cithfholcadáin agus leithris éifeachtacha, ar chostas níos lú ná €180 in aghaidh an tí, le tréimhse aisíocaíochta dhá bhliain agus coigilteas suas go dtí €280 in aghaidh na bliana nuair a chuirtear fuinneamh san áireamh.

Má chuirtear na bearta sin i bhfeidhm ar 303,000 teach nua faoi 2030 – sprioc an Rialtais faoi Thithíocht do Chách – d'fhéadfaí 2.2 milliún m<sup>3</sup> uisce a shábháil gach bliain agus costais uisce agus fuíolluisce a laghdú thart ar €9.7 milliún in aghaidh na bliana.

De réir na dtorthaí, tacaítear le spriocanna caomhnaithe uisce a chur san áireamh i mbeartas tithíochta agus i bpleanáil uisce fhadtéarmach.

## Suirbhé Poiblí ar Dhobharlaigh Áitiúla: Eolas, Rochtain ar Fhaisnéis agus Gníomh Pobail

An Fóram Uisce a choimisiúnaigh an suirbhé seo, suirbhé a cuireadh i gcrích ag Core Research. Suirbhé ionadaíoch go náisiúnta atá ann agus rinneadh é ar mhíle duine fásta chun scrúdú a dhéanamh ar fheasacht agus ar rannpháirtíocht an phobail i leith do Bharlaigh áitiúla in Éirinn. Cé go ndeir 91% go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh do Bharlaigh glan agus sláintiúil, níl ach 7% ar an eolas faoi stádas éiceolaíoch a ndobharlach áitiúil agus níl ach 20% ar an eolas faoi cá háit le faisnéis a fháil faoi shláinte uisce. Níl baint ag breis agus leath (57%) le haon ghrúpa áitiúil uisce ná comhshaoil, agus níl a fhios ag ach aon trian conas eachtra truaillithe a thuairisciú.

Mar sin féin, tá acmhainneacht láidir ann don rannpháirtíocht: ba mhaith le 60% níos mó eolais a fháil faoi ghrúpaí gnímh áitiúla, mheasfadh 46% páirt a ghlacadh iontu, agus d'athródh 58% a n-íompraíocht chun cáilíocht uisce a chosaint dá mbeadh a fhios acu conas é sin a dhéanamh.

Leagtar béim sa taighde ar bhearnaí i bhfeasacht agus i rochtain ar fhaisnéis, in éineacht le suim láidir an phobail i rannpháirtíocht.




### Suirbhé Náisiúnta ar Úsáideoirí Uisce Poiblí: Cumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí

An Fóram Uisce a choimisiúnaigh an suirbhé, suirbhé a cuireadh i gcrích ag Interactions Research. Rinneadh an suirbhé ar 1,321 custaiméir maidir lena ndearcadh i leith cháilíocht uisce óil, seirbhís do chustaiméirí agus cumarsáide ó Uisce Éireann.

Tá sástacht fhoriomlán le cáilíocht an uisce óil ard (70%). Mar sin féin, thuairiscigh 36% fadhbanna soláthair nó cáilíochta le bliain anuas, nó 62% i limistéir fhócais, agus ba iad blas agus dath na hábhair imní ba choitianta. Tá feasacht ar Uisce Éireann mar phointe teagmhála méadaithe go 70%, cé go bhfuil sástacht lena sheirbhís do chustaiméirí laghdaithe ó 2021.

Tá feabhas tagtha ar fhógra roimh ré maidir le cur isteach ar sholáthar (39% a mheabhraíonn fógra, suas ó 21% in 2021). Cé gur mian le breis agus leath de na freagróirí tuilleadh faisnéise a fháil faoina soláthar uisce, níl ach 16% tar éis í a lorg go gníomhach ar líne.

Deimhnítear sna torthaí sástacht láidir le cáilíocht an uisce óil; ag an am céanna leagtar béim iontu ar réimsí ina bhfuil gá le feabhsú ar an tseirbhís do chustaiméirí, ar an gcumarsáid agus ar rochtain ar fhaisnéis.



# Buaicphointí Cumarsáide

## Comhráite faoi Uisce: An Chéad Cheardlann Óige de chuid an Fhóraitm Uisce

Reáchtáil an Fóram Uisce a chéad cheardlann dírithe ar dhaoine óga, dar teideal Comhráite maidir le hUisce. Le linn an imeachta, tháinig daoine óga le chéile chun eolas a roinnt faoi na nithe seo a leanas: an chaoi bhfoghlaímíonn siad faoi shaincheistanna comhshaoil, an méid a chiallaíonn an bhainistíocht uisce dóibh, agus an chaoi ar mian leo páirt a ghlacadh i gcosaint acmhainní uisce áitiúla.

Eagraíodh an cheardlann i gcomhar le ball den Fhóram, Eimear Manning ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg, agus le tacaíocht ó bhaill

eile den Fhóram, lena n-áirítear an Dr Suzanne Linnane (DKIT), Connie Rochford agus Michael Kenny. Ghlac a lán daoine óga ó líonraí éagsúla páirt sa cheardlann. Faoi chathaoirleacht an Dr Matt Crowe, ba mheascán é an lá de léargais ó shaineolaithe ar dhúshláin uisce in Éirinn, seisiúin idirghníomhacha i ngrúpaí beaga agus plé oscailte.

Ceann de na buaicphointí ab ea agallamh Eimear Manning le Stephen Reid, a bhfuil os cionn 2.3 milliún amharc bainte amach ag a fhíseán YouTube ar bhláth algach Loch nEathach – rud a spreag plé bríomhar ar scéalaíocht dhigiteach agus ar fheasacht chomhshaoil.



Grianghraf grúpa de na rannpháirtithe ag an gceardlann óige a d'óstáil an Fóram Uisce i gcomhpháirtíocht le Comhairle Náisiúnta na nÓg in Óstán Gibson i mBaile Átha Cliath



Tháinig téamaí láidre chun cinn i rith an lae – teachtaireachtaí a choinneáil gearr agus físiúil, uisce fíor agus áitiúil a úsáid, agus úsáid a bhaint as na hardáin a úsáideann daoine óga. D'iarr rannpháirtithe freisin go mbeadh níos mó deiseanna ann chun bheith páirteach: imeachtaí áitiúla agus turais allamuigh go feachtais chruthaitheacha ar líne.

Úsáidfear na léargais a bailíodh – atá curtha i láthair i bpóstaer agus i dtuarascáil nua anois – chun treoir a chur ar an gcaoi a rachaidh an Fóram Uisce i mbun rannpháirtíochta le lucht féachana óg agus ar an gcaoi a dtacóidh sé le heagraíochtaí atá ag obair ar chosaint uisce. Tá an comhrá tosaithe, agus tá sé ag dul i dtreise i gcónaí.

### Preaseisiúintí agus nuachtlitreacha

Is é mol cumarsáide an Fhórait ná a shuíomh gréasáin [www.thewaterforum.ie](http://www.thewaterforum.ie), áit a bhfuil gach cumarsáid de chuid an Fhórait ar fáil. Is féidir rochtain a fháil ar thuarascálacha taighde, aighneachtaí beartais, miontuairiscí cruinnithe, preaseisiúintí, nuachtlitreacha agus tuairiscí nuachta seachtainiúla, chomh maith le fothaí meán sóisialta.

I measc na bpríomhchumarsáidí in 2025 tá:

- An Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2024
- Nuachtlitir Ráithiúla
- Alt in EOLAS Magazine
- Preasráitis
- Agallaimh ar raidió

Póstaer Achoimre na Ceardlainne Óige [anseo](http://anseo)  
Tuarascáil Achoimre na Ceardlainne Óige [anseo](http://anseo)



Daoine óga agus baill ag glacadh páirte i gceardlanna ag an imeacht óige

Scaiptear nuachtlitir ráithiúil an Fhórait ar gach ball, ar a n-eagraíochtaí agus ar líonra páirtithe leasmhara an Fhórait, agus ar na meáin nuachta, agus cuirtear ar fáil go poiblí í ar an suíomh gréasáin.

Tá preaseisiúintí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhórait Uisce freisin: [www.thewaterforum.ie](http://www.thewaterforum.ie)

# Buaicphointí Oideachais

Rinne an Fóram Uisce urraíocht ar a thríú Gradam Uisce ag Comórtas Eolaí agus Teicneolaí Óg na Bliana BT.

I mbliana cuireadh breis is 2,000 tionscadal faoi bhráid Chomórtas Eolaithe Óga BT, ach níor éirigh ach le 550 tionscadal dul tríd an bpróiseas roghnúcháin le páirt a ghlacadh san imeacht 3 lá. Ó cuireadh tús le Gradam Uisce an Fhóraithe Uisce in 2023, tá méadú seasta tagtha ar an taighde bainteach le huisce atá á dhéanamh ag scoláirí sa chomórtas.

Ba mhaith leis an bhFóram Uisce comhghairdeas a dhéanamh le Taylor Armstrong agus lena múinteoir Bridget Lehane ó Choláiste Muire Réalt na Mara, Bun an Tábhairne, Contae Chorcaí as an nGradam Uisce urraithe ag an bhFóram Uisce a bhuachan ag Comórtas Eolaí agus Teicneolaí Óg na Bliana BT.

Chun tacú le foghlaim thraschuraclaim faoin uisce agus í a spreagadh, tá modúil uisce forbartha againn agus iad roinnte againn le meánscoileanna. Tá siad go léir ar fáil le híoslódáil saor in aisce ar [Home – Scoilnet](#).



Matt Crowe (Cathaoirleach an Fhóraithe Uisce) ag bronnadh an Ghradam Uisce ar an mbuaiteoir Taylor Armstrong

# Turais Allamuigh agus Imeachtaí

Turas allamuigh go Taiscumar agus Ionad Cóireála Uisce Fheartraí

Aibreán 2025

Thug baill an Fhóraitm Uisce cuairt ar Thaiscumar agus ar ionad cóireála Fheartraí mar áionna de chuid Uisce Éireann agus Veolia. Tógadh an taiscumar sna 1860idí agus leantar de sholáthar uisce a chur ar fáil do Bhaile Átha Cliath leis. Le linn na cuairte, chonaic baill an damba stairiúil, an Túr Tógála Uisce, Tollán na Collchoille (4 km), agus an phríomhphíblíne 40 km, ar tógadh iad uile de láimh.

Thug siad suntas freisin do ról an Dr John Gray, don dara taiscumar a críochnaíodh in 1923 (a sholáthraíonn 12% d'uisce Bhaile Átha Cliath anois), agus d'uasghrádú €150 milliún Uisce Éireann a críochnaíodh in 2021, lenar tugadh an soláthar suas go caighdeáin reatha agus lenar baineadh de liosta gníomhartha leasúcháin an GCC é.



### Baill an Fhórait Uisce ag bualadh leis an Aire Christopher O’Sullivan ag Comhdháil Uisce an GCC

Meitheamh 2025

Ag Comhdháil Uisce an GCC i nGaillimh ar an 11 Meitheamh 2025, bhuail baill agus Rúnaíocht an Fhórait Uisce leis an Aire Chris O’Sullivan agus le hoifigigh ón RTRÁO. Rinne Ceannaire Taighde agus Beartais an Fhórait, an Dr Tríona McGrath, cur i láthair ar “Eolaíocht a Thabhairt chuig an mBeartas”, inar léiríodh an chaoi a chuir taighde coimisiúnaithe ag an bhFóram leis an mbeartas náisiúnta, lena n-áirítear bunú Meithle um Chaomhnú Uisce i ndiaidh taighde a mhol Creat Náisiúnta um Chaomhnú Uisce.

Léirigh an tAire go raibh sé freagrúil do mholtaí an Fhórait agus thug le fios go raibh sé toilteanach oibriú go dlúth leis an bhFóram sna blianta amach romhainn. Bhí deis ag an gComhdháil obair an Fhórait a roinnt, lena n-áirítear cás-staidéar ar Chaomhnú Uisce inar leagadh béim ar phróiseas forbartha beartais an Fhórait agus ar na torthaí a baineadh amach.



### Comhdháil um Sheirbhísí Uisce Tuaithe 2025

Meán Fómhair 2025

Ag Comhdháil um Sheirbhísí Uisce Tuaithe 2025, a tionóladh i nGaillimh leis an téama “Cáilíocht agus Cainníocht: Athléimneacht a Chothú i gComhshaoil atá ag Athrú”, chuir an Fóram leis na pléití ar neartú seirbhísí uisce tuaithe i bhfianaise brú comhshaoil agus rialála. Leag an tAire Stáit Christopher O’Sullivan béim ar mhaoiniú €166 milliún faoin gClár Uisce Tuaithe (2024–2026).

Mhínigh an Dr Tríona McGrath an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht luath páirtithe leasmhara i bhforbairt beartais uisce, agus léirigh sí an chaoi a n-úsáidtear taighde coimisiúnaithe ag an bhFóram chun bonn eolais a chur faoi chomhairle beartais ar thionchair aeráide, ar chaomhnú uisce agus ar athléimneacht tuaithe.

Ag an gcomhdháil chonacthas rannpháirtíocht luachmhar le ceannairí pobail, le lucht déanta beartais agus le hionadaithe earnála, rud a neartaigh tiomantas comhroinnte do sheirbhísí uisce tuaithe athléimneacha atá faoi stiúir an phobail.

# Rochtain ar Fhaisnéis do Bhaill den Oireachtas

Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe ag an bhFóram Uisce um iarratais ar fhaisnéis ó Bhaill

den Oireachtas; oireachtas@nationalwaterforum.ie

## Rúnaíocht an Fhórait

Tacaíonn foireann rúnaíochta le hobair an Fhórait, lena n-áirítear: Dónal Purcell, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin; an Dr Triona McGrath, Ceannasaí Taighde agus Beartais; an Dr Aisling Corkery, Feidhmeannach Taighde agus Beartais; Divya Flynn, Ceannasaí Cumarsáide agus Oideachais\* agus Martina Ryan, Oifigeach Cléireachas.

\*D'éirigh an Dr Gretta McCarron as a post mar Cheannasaí Cumarsáide agus Oideachais i mí Lúnasa 2025.

Is é ról na Rúnaíochta tacú leis an gCathaoirleach agus le baill an Fhórait a ról mar pháirtithe leasmhara ar an bhFóram Uisce a chomhlíonadh. Cuimsítear leis sin faisnéis, eolaíocht agus dea-chleachtas a bhailiú trí thaighde inmheánach

agus coimisiúnaithe a dhéanamh. Dréachtaíonn an Rúnaíocht aighneachtaí beartais, seasaimh agus comhairle bunaithe ar rannchuidiú bhaill an Fhórait agus ar shaineolas agus ionchur seachtrach. Scaipeann an Rúnaíocht faisnéis ar obair agus ar aschuir an Fhórait trí fhoilseacháin, na meáin, ceardlanna agus comhdhálacha. Tá an Rúnaíocht freagrach freisin as tacaíocht riaracháin agus theicniúil a chur ar fáil do chruinnithe an Fhórait, do bhainistiú an bhuiséid agus do theagmháil le gach gníomhaireacht sheachtrach.

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar obair an Fhórait Uisce ar [www.thewaterforum.ie](http://www.thewaterforum.ie)



# Rialachas agus Maoirseacht

In 2025, d'oibrigh Cathaoirleach agus Rúnaíocht an Fhórait le hoifigigh an RTRÁO chun na nósanna imeachta cuí maoirseachta agus tuairiscithe don Fhóram Uisce a fhorbairt. Tháinig an RTRÁO agus an Fóram ar chomhaontú maidir le Meabhrán Comhthuisceana (MC) ar shínigh siad uile é, agus tháinig an RTRÁO, an Fóram agus Comhairle Contae Thiobraid Árann ar chomhaontú maidir le Meabhrán Maoinithe (MM) ar shínigh siad uile é. Glacadh cód iompair nua

do bhaill an Fhórait agus don Rúnaíocht freisin in 2025. Buaileann Cathaoirleach an Fhórait agus ionadaithe ón Rúnaíocht go rialta, ar bhonn ráithiúil, leis an lucht ardbhainistíochta i Rannóg Uisce an RTRÁO chun cúrsaí a bhaineann le huisce a phlé agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht bhainistíochta leanúnach a bhaineann leis an Meabhrán Comhthuisceana atá i bhfeidhm.



# Airgeadas agus riarachán

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú don Fhóram Uisce. In 2025, leithdháileadh buiséad €732,748 ar an bhFóram agus bhí caiteachas €688,533.07 aige, roinnte sna catagóirí seo a leanas.

Mír	Caiteachas in 2025 €
Costais Chruinnithe	11,198.90
Costais Taistil na mBall	16,282.86
Oiliúint agus Éascú	14,705.06
Cur i bhFeidhm na Straitéise	122,523.98
Liúntas an Chathaoirligh	11,609.19
Costais Tuarastail na Rúnaíochta	466,810.17
Taisteal na Rúnaíochta	18,000.06
Costais Oifige agus TF	27,402.85
<b>Iomlán</b>	<b>688,533.07*</b>

*Cuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann tacaíocht riaracháin ar fáil maidir le hacmhainní daonna, párolla, íocaíochtaí agus spás oifige.*

\*As a mbaineann €72,445.32 le costais chomhairleacha, a miondealaiódh mar seo a leanas:

- Comhairle ar Sholáthar: €757.68
- Comhairle Eolaíochta: €260.00
- Taighde agus Beartas: €70,837.24
- Cumarsáid: €590.4

# Nótaí Buíochais

Ba mhaith leis an gCathaoirleach agus leis an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach buíochas a ghabháil le baill an Fhórait as a rannpháirtíocht, a gcuid oibre crua agus a dtiomantas i rith na bliana.

Ba mhaith leis an bhFóram Uisce buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus na daoine seo a leanas as a dtacaíocht d'obair an Fhórait agus/nó as freastal ar chruinnithe an Fhórait le linn 2025.

---

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO)

---

Comhairle Contae Thiobraid Árann

---

Uisce Éireann

---

An Coimisiún um Rialáil Fónais (CRF)

---

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)

---

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)

---

Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ)

---

# Aguisín A

Tábla A: Ballraíocht an Fhóraitm Uisce 2025

Ionadaí (Ionadaithe)	Earnáil	Eagraíocht	Dáta Ceapacháin
An Dr Matt Crowe	–	Cathaoirleach	01/02/2025
Dominic Cronin	Talmhaíocht	CCÉ	30/01/2024
Eamon Carroll	Talmhaíocht	CSBUÉ	30/01/2024
An Dr Maria Snell	Talmhaíocht	Macra	30/01/2024
Tadhg Buckley	Talmhaíocht	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann	30/01/2024
Martin McEnroe	Slatiascaireacht	Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann	30/01/2024
Juan Pablo Martinez	Gnó	Cónaidhm Ghnólachtaí na hÉireann	18/12/2025
Maria O’Gorman	An Earnáil Pobail agus Dheonach	An Colún Pobail agus Deonach	30/01/2024
Michael Kenny	An Earnáil Pobail agus Dheonach	Nasc Tuaithe na hÉireann (IRL)	30/01/2024
An Dr Suzanne Linnane	Oideachas	Cumann na nOllscoileanna Teicneolaíochta	30/01/2024
Charles Stanley-Smith	Comhshaol	Sustainable Water Network (SWAN)	30/01/2024
An Dr Elaine McGoff	Comhshaol	An Colún Comhshaoil	30/01/2024
Fintan Kelly	Comhshaol	An Colún Comhshaoil	30/01/2024
Karin Dubsy	Comhshaol	Sustainable Water Network (SWAN)	30/01/2024
Sinead O’Brien	Comhshaol	Sustainable Water Network (SWAN)	30/01/2024

## An Fóram Uisce / Tuarascáil Bhliantúil 2025

Ionadaí (Ionadaithe)	Earnáil	Eagraíocht	Dáta Ceapacháin
Marie Doyle	Foraoiseacht	Eagraíochtaí na hEarnála Foraoiseachta	30/01/2024
Keith Hyland	Úsáideoirí Uisce Phoiblí	Úsáideoirí Uisce Phoiblí	30/01/2024
Connie Rochford	Úsáideoirí Uisce Phoiblí	Úsáideoirí Uisce Phoiblí	30/01/2024
Ciarán Maguire	Earnáil na Fóillíochta	Eagraíochtaí Earnáil na Fóillíochta Uisce	30/01/2024
An Dr Constanze O'Toole	Iontaobhais na nAibhneacha	Iontaobhas na nAibhneacha in Éirinn	30/01/2024
Mark Farrelly	Uisce Tuaithe	Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce	01/10/2024
Jean Rosney	Uisce Tuaithe	Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce	30/01/2024
David Wright	Tithíocht Shóisialta	Comhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann	30/01/2024
Eimear Manning	Mic Léinn Tríú Leibhéal/Óige	Comhairle Náisiúnta na nÓg (CNÓ)	30/01/2024
Steve Conlon	Turasóireacht	Eagraíochtaí Earnáil na Turasóireachta	30/01/2024
Brendan O'Brien	Ceardchumann	Comhdháil na gCeardchumann	25/03/2025
Folamh	An Earnáil Iascaigh	An Fóram Réigiúnach Iascaigh Cois Cladaigh	
Karan O'Loughlin	Ionadaí Ceardchumann	D'éirigh as 07/02/25	
David Downes	An Earnáil Iascaigh	D'éirigh as 02/11/25	
Neil Walker	Gnó	D'éirigh as 18/12/25	

Tábla B: Cruinnithe iomlánacha a tionóladh in 2025

	Cruinnithe a tionóladh in 2025		Ionadaí	%
1	21 Eanáir – Óstán Aisling, Baile Átha Cliath	9	Keith Hyland	88%
2	11ú Márta – Óstán Aisling, Baile Átha Cliath	10	Connie Rochford	88%
3	29 Márta – Óstán Aisling, Baile Átha Cliath	11	Karin Dubsky	50%
4	10 Meitheamh – Cruinniú fíorúil	12	An Dr Constanze O'Toole	75%
5	8 Iúil – Óstán Aisling, Baile Átha Cliath	13	Mark Farrelly	75%
6	9 Meán Fómhair – Óstán Aisling, Baile Átha Cliath	14	Jean Rosney	63%
7	4 Samhain – Óstán Aisling, Baile Átha Cliath	15	David Downes <sup>2</sup>	83%
8	9 Nollaig – Cruinniú fíorúil	16	Eimear Manning	75%
		17	An Dr Suzanne Linnane	63%
		18	An Dr Maria Snell	50%
		19	Sinead O'Brien	50%
		20	Fintan Kelly	50%
		21	An Dr Elaine McGoff	50%
		22	Charles Stanley Smith	75%
		23	Ciaran Maguire	50%
		24	Steve Conlon	50%
		25	Marie Doyle	88%
		26	Karan O'Loughlin <sup>3</sup>	0%
		27	David Wright	63%
		28	Brendan O'Brien	67%

Tábla C: Freastal ar Chruinnithe Iomlánacha in 2025

	Ionadaí	%
1	Matt Crowe	100%
2	Tadhg Buckley	50%
3	Eamon Carroll	63%
4	Dominic Cronin	100%
5	Martin McEnroe	75%
6	Neil Walker <sup>1</sup>	75%
7	Michael Kenny	100%
8	Maria O'Gorman	38%

Ní thaispeántar thuas ach freastal na mball ar chruinnithe iomlánacha amháin. Ní aithnítear leis sin rannchuidiú na mball i gcás coistí agus grúpaí oibre eile.

<sup>1</sup> D'éirigh Neil Walker as i mí na Nollag 2025.

<sup>2</sup> D'éirigh David Downes as i mí na Samhna 2025.

<sup>3</sup> D'éirigh Karan O'Loughlin as i mí Feabhra 2025 agus níor fhreastail sí ar Chruinniú Iomlánach mhí Eanáir.

**Tábla D: Baill an Bhuanchoiste um Bainistíocht Dobharcheantair**

Ainmní	Earnáil
An Dr. Matt Crowe	Cathaoirleach an Fhórait
Dominic Cronin	Talmhaíocht
Tadhg Buckley	Talmhaíocht
Eamon Carroll	Talmhaíocht
An Dr Maria Snell	Talmhaíocht
Martin McEnroe	Slatiascaireacht
Michael Kenny	Pobal & Obair Dheonach
An Dr Suzanne Linnane	Oideachas
Karin Dubsy	Comhshaol
Fintan Kelly	Comhshaol
An Dr Elaine McGoff	Comhshaol
Sinead O'Brien	Comhshaol
Marie Doyle	Foraoiseacht
Ciarán Maguire	Fóillíocht
An Dr Constanze O'Toole	Iontaobhais na nAibhneacha
Jean Rosney	Uisce Tuaithe
Eimear Manning	Óige/Leasanna 3ú Leibhéal
Connie Rochford	Tomhaltóirí

**Tábla E: Baill an Bhuanchoiste um Sheirbhísí Uisce**

Ainmní	Earnáil
Keith Hyland (Cathaoirleach)	Custaiméir Baile
Dominic Cronin	Talmhaíocht
Neil Walker	Gnó
Maria O'Gorman	Pobal & Obair Dheonach
Connie Rochford	Custaiméir Baile
Sinead O'Brien	Comhshaol
Charles Stanley-Smith	Comhshaol
Mark Farrelly	Uisce Tuaithe
David Wright	Tithíocht Shóisialta
Steve Conlon	Earnáil na Turasóireachta





The Water  
Forum

AN  
FÓRAM  
UISCE

**Oifigí na Cathrach, Bóthar Luimnigh  
An tAonach, Co. Thiobraid Árann**

[www.thewaterforum.ie](http://www.thewaterforum.ie)  
[info@nationalwaterforum.ie](mailto:info@nationalwaterforum.ie)

